COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE
AONAD 1 – SONRAÍ DIGITEACHA

Rewarding Learning

Comhad Fíricí 1: Sonraí a Léiriú

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:

- Cur síos ar an difear idir faisnéis agus sonraí;
- Cur síos ar an dóigh a stóráiltear sonraí sna haonaid seo a leanas:
  - Giotán
  - Leathbheart
  - Beart
  - Cilibheart
  - Meigibheart
  - Gigibheart
  - Teiribheart
- Na cineálacha sonraí seo a leanas a shainaithint: uimhriúil (slánuimhir agus réadach), dáta/am, carachtar agus teaghrán.

Inneachar i Léiriú Sonraí

- **Faisnéis agus sonraí**
- **Aonaid stórála**
- **Cineálacha sonraí**

Cad is sonraí agus cad is faisnéis ann?

Cad é an chiall, dar leat, atá le '151216'? Nó le '85748'? Nó 'AABBCCDD'? Níor chóir ciall ar bith a bhaint astu. Is samplaí de **SHONRAÍ** iad.

Níl ciall ar bith le sonraí. Is fíricí agus figiúirí iad atá gan chomhthéacs, gan chiall.

Is faisnéis iad sonraí atá códaithe agus struchtúraithe sa dóigh go ndéanfaidh córas ríomhaireachta, den chuid is mó, iad a phróiseáil. Tá na cóid a thagann de bharr na próiseála gan chiall go dtí go gcuirtear sa chomhthéacs cheart iad. Is é an difear caolchúiseach idir sonraí agus faisnéis go bhfuil an fhaisnéis i gcomhthéacs agus nach bhfuil na sonraí i gcomhthéacs.

Nuair a dhéantar sonraí a phróiseáil tugtar ciall dóibh. Déantar **FAISNÉIS** díobh.

SONRAÍ + CIALL = FAISNÉIS

Sonraí	Faisnéis
151216	15ú Nollaig 2016
85748	Uimhir Earra
AABBCCDD	Gráid i do scrúduithe Nollag

Aonaid Stórála

Giotán
Is é an giotán an t-aonad stórála is lú. 1 nó 0 a bhíonn i gceist i gcónaí.

Leathbheart
Leathbheart an t-ainm a thugtar ar ghrúpa de 4 ghiotán.

Beart
Tugtar beart ar 8 ngiotán. Is le 8 ngiotán a léirítear gach carachtar m.sh. litir, uimhir, saincharachtar. Mar shampla, nuair a bhuaileann tú 'A' ar an mhéarchlár, is mar 01000010 a phróiseálann an ríomhaire é.

Cilibheart
Is ionann cilibheart agus 1024 beart. Is minic a úsáidtear an giorrúchán Kb. Is ionann cilibheart agus 1024 beart.

Meigibheart
Is ionann meigibheart agus 1024 cilibheart. Is minic a úsáidtear an giorrúchán Mb.

Gigibheart
Is ionann gigibheart agus 1024 meigibheart. Is minic a úsáidtear an giorrúchán Gb.

Teiribheart
Is ionann teiribheart agus 1024 gigibheart. Is minic a úsáidtear an giorrúchán Tb.



Gníomhaíocht:

An dtig leat smaoineamh ar rím le cuidiú leat cuimhneamh ar ord na n-aonad stórála?

Cineálacha Sonraí

Nuair a bhíonn sonraí le hiontráil i gcóras ríomhaireachta, is tábhachtach a rá leis an ríomhaire cén cineál sonraí iad. Tá sé seo amhlaidh cionn is go bpróiseálann ríomhaire sonraí difriúla ar dhóigheanna difriúla. Tá an iomad cineálacha sonraí ann agus is gá eolas a bheith agat orthu. Tá cur síos orthu thíos:

Uimhriúil (slánuimhir & réaduimhir)

Bíonn uimhreacha i sonraí uimhriúla.

Is féidir uimhir dheimhneach nó uimhir dhiúltach a bheith i gceist le **slánuimhir** m.sh. 24, 152, 1000, –23, –12.

Is é atá i gceist le **sonraí den chinéal réaduimhriúil,** uimhir ina bhfuil pointe deachúlach. Is féidir uimhir dheimhneach nó uimhir dhiúltach a bheith i gceist fosta m.sh. 1.34, 2.6, -0.124, -4.53.

Dáta/Am

Le sonraí Dáta/Am is féidir dáta nó am a stóráil. Is féidir chuid mhór formáidí éagsúla a bheith i gceist m.sh.
Dáta: 18/12/2016, 18-12-16, 18ú Nollaig 2016.
Am: 9rn, 9:00in, 21:12:05, 23:00

Carachtar

Tugtar carachtar ar litir, uimhir agus siombail. Úsáideann teangacha ríomhchlárúcháin sonraí carachtair nó 'char'. Is beart amháin stórais é. Is samplaí de charachtair iad: A, 5, &.

Teaghrán

In amanna tugtar 'téacs' nó 'alfa-uimhriúil' air seo. Le teaghrán, is féidir litreacha, uimhreacha, marcanna poncaíochta agus siombailí a iontráil. Tá samplaí de shonraí teaghráin thíos:

Ainm:	Máire Ní Mhurchú
Seoladh:	1 Sráid Mhór, Baile Beag Co Aon Áit
Ríomhphost:	mnimhurchu@mail.com
Cláruimhir:	ONZ 7182

Gníomhaíocht:

1. **Cad é an difear idir sonraí agus faisnéis? (2)**

2. **Cuir iad seo a leanas in ord íslitheach de réir méide: (7)**

   Meigibheart Giotán Teiribheart Leathbheart Beart Gigibheart Cilibheart

3. **Measc agus meaitseáil. Cé acu de na haonaid stórála seo is fóirsteanaí do na nithe seo a leanas? (3)**

Gearrthóg físe 10 nóiméad	Cilibheart(a)
Sloinne	Meigibheart(a)
Doiciméad dhá leathanach	Beart(a)

4. **Cá mhéad Gigibheart atá i 3 Theiribheart? (2)**

Leabharliosta/Suíomhanna gréasáin

https://www.tutorialspoint.com/computer_fundamentals/computer_memory_units.htm

http://www.teach-ict.com/ks3/year7/data_handling/miniweb/pg7.htm

http://www.bbc.co.uk/education/guides/zc6s4wx/revision/4

Téacsleabhar BCS Glossary of Computing and ICT Lch. 323

© CCEA 2019